An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Micreamhodúl Idirbhliana
## Bunchlocha na Gairme

CNCM
Samhain 2024

# An Idirbhliain


Is clár roghnach bliana í an Idirbhliain (IB) atá ar fáil do gach iar-bhunscoil agus a bhíonn ar tairiscint mar chuid d'eispéireas na sraithe sinsearaí. Le linn na sraithe sinsearaí, forbraíonn an scoláire braistint níos láidre ar a fhéiniúlacht agus é ag foghlaim in éineacht lena chomhscoláirí, le múinteoirí agus le daoine fásta eile, agus ag foghlaim uathu. Le linn na sraithe sinsearaí, cuirtear oideachas ar an duine iomlán. Ba cheart go gcuirfeadh eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena fholláine ar bhonn ginearálta.  Le linn na hIdirbhliana, seans go bhforbródh an scoláire caidrimh níos aibí le múinteoirí agus le daoine fásta eile agus é ag éirí níos gníomhaí i dtaca lena thaithí oideachais féin a cheapadh, agus i dtaca le cur leis an tsochaí é féin.

Cuireann cláir Idirbhliana deis ar leith ar fáil sa tsraith shinsearach inar féidir le scoileanna agus pobail a bheith ag obair i gcomhpháirt chun daoine óga a spreagadh le rathúlacht a bhaint amach anois agus amach anseo. Soláthraíonn an Idirbhliain am, spás agus neamhspleáchas chun eispéiris foghlama thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis an scoláire sa tsraith shinsearach agus, san am céanna, lena n-éascaítear a rannpháirteachas le réimse níos leithne de chonairí agus d'fhéidearthachtaí. Réitíonn sí daoine óga le tacaíochtaí agus le heispéiris d'fhonn acmhainneacht bhreisithe a fhorbairt chun freagairt don éiginnteacht, chun an chastacht a láimhseáil agus chun athrú dearfach eiticiúil a spreagadh sa tsochaí.

# Príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí

Is scáth-théarma é príomhinniúlachtaí lena dtagraítear don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí, rudaí a chabhraíonn leis a bheith ina fhoghlaimeoir níos treallúsaí, feabhsaithe agus níos inniúla.

Tá tuilleadh faisnéise faoi phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí ar **ncca.ie**.




**Fíor 1:** Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach a dtacaíonn litearthachtaí


# Gnéithe Scoláire den Idirbhliain

Déantar cur síos leis na Gnéithe Scoláire ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san Idirbhliain agus na heispéiris a d'fhéadfadh tacú leis an bhforbairt sin. Is iad seo a leanas na ceithre Ghné Scoláire:

- Fás Pearsanta
- A bheith i d'Fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme.

Tá na ceithre Ghné Scoláire ceaptha le bheith cónasctha sa dóigh gurb amhlaidh, le chéile, go mbíonn trasnú ann idir iad agus gach ceann de na seacht bpríomhinniúlacht atá sa tsraith shinsearach. Cuimsíonn gach ceann de na Gnéithe Scoláire tacar táscairí forbartha agus eispéireas scoláire bainteach.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil i **Ráiteas Chlár na hIdirbhliana**. (l.11-15)




**Fíor 2:** Achoimre ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

Liostaítear i dTábla 1 na táscairí forbartha is dóchúla a dtacófar leo trí rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an scoláire sa mhicreamhodúl seo.

**Tábla 1** Gnéithe Scoláire a dtacaíonn an micreamhodúl leo.

| Gné Scoláire | Táscairí Forbartha is ábhartha don mhicreamhodúl |
|---|---|
| **Fás Pearsanta** | • Éirí níos cinnte agus níos muiníní ina thaobh féin mar dhuine.<br>• Spriocanna a shocrú don fhorbairt agus don ghnóthachtáil phearsanta agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.<br>• A bheith in ann cinntí eolasacha a dhéanamh. |
| **Taighde Gairme** | • A bheith ag cur lena fheasacht ar bhuanna, spéiseanna, luachanna agus inniúlachtaí pearsanta<br>• Níos mó acmhainneachta a bheith ag an scoláire chun taighde agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar chonairí gairme. |

# Réasúnaíocht

Tá daoine óga in Éirinn ag plé le saol na hoibre a athraíonn agus a ghluaiseann ar aghaidh go tapa, mar gheall ar, mar shampla, patrúin ghairme atá ag athrú, dul chun cinn na teicneolaíochta, agus an domhandú. Dá bharr sin, ní féidir linn a bheith cinnte cá as a dtiocfaidh poist na todhchaí ná cén cineál post a bheidh ann. De réir thorthaí taighde, bíonn daoine óga ag súil go minic le go mbeidís ag tabhairt faoi líon teoranta gairmeacha a bhfuil cur amach acu orthu (lena n áirítear leigheas, teagasc, dlí, altranas, tréidliacht nó lúthchleasaíocht) agus is minic nach dtagann a n-ardaidhmeanna le riachtanais mhargadh an tsaothair mar atá i ndáiríre. Tá gá le cur chuige iomlánaíoch i leith phleanáil na gairme chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo.

Is é cuspóir an mhicreamhodúil seo tacú le droim láimhe a thabhairt do threo gairme amháin a shainithint agus tacar sainscileanna a fhorbairt chun bainistíocht a dhéanamh ar cad is pleanáil gairme agus saoil ann i ndáiríre: rud atá dothuartha agus ag síorathrú.

Cuirtear roinnt bunchloch ar fáil sa mhicreamhodúl 10 n-uair an chloig seo i leith phleanáil na gairme, lena n áirítear machnamh ar láidreachtaí agus ar luachanna pearsanta, an chinnteoireacht agus an fheasacht ar dheiseanna. Tacaíonn an micreamhodúl seo go háirithe le Gnéithe Scoláire an taighde gairme agus an fháis phearsanta. Táthar ag súil le go gcuirfidh an modúl seo le neamhspleáchas an scoláire, lena bhraistint féiniúlachta agus lena fhéinrialúchán. Tá feidhm leathan ag an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhaightear ar fud an tsaoil oideachasúil agus oibre.

# Aidhm

Tacófar leis an scoláire le conairí éagsúla na todhchaí a fhiosrú agus inniúlachtaí a bhaineann le gairm bheatha a fhorbairt san am céanna, lena n áirítear an fhéinéifeachtúlacht, an dóchas, an fhiosracht agus an t-iompar machnamhach.

# An t-am a thugtar

Ceapadh an micreamhodúl seo le haghaidh 10 n-uair an chloig de theagasc agus foghlaim. Is féidir breithiúnas gairmiúil a úsáid chun líon na n uaireanta a chur in oiriúint chun nádúr na rannpháirtíochta scoláire a chur san áireamh ionas go gcuimseofar leis an micreamhodúl idir am teagmhála ranga agus foghlaim fhéintreoraithe neamhspleách.

# Torthaí Foghlama

Ceapadh na torthaí foghlama thíos chun teagasc agus foghlaim a chur chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

Tá uimhir le gach toradh foghlama chun tacú le pleanáil an mhúinteora. Ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith sna torthaí iad féin.

**Tábla 2** Torthaí Foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **An Chinnteoireacht**<br>Éifeachtach | **1.1** Gnéithe na cinnteoireachta maithe a shainaithint agus a phlé |
| **Láidreachtaí**<br>Céard a bhfuil ag éirí go maith leis | **2.1** Déan nasc idir an phearsantacht, an fheiliúnacht, na scileanna praiticiúla agus na buanna leis na deiseanna i margadh an tsaothair<br><br>**2.2** Ionadaíocht a dhéanamh ar láidreachtaí gach duine aonair |
| **Margadh an tSaothair** | **3.1.** Tuiscint a fháil ar roinnt bunghnéithe de sholáthar agus éileamh mhargadh an tsaothair<br><br>**3.2** Deiseanna mhargadh an tsaothair a aimsiú a thagann leis na láidreachtaí |
| **Ardaidhmeanna Gairme agus Luachanna** | **4.1** Na hardaidhmeanna gairme agus luachanna is tábhachtaí dó a roghnú<br><br>**4.2** Plé a dhéanamh ar conas is féidir le hardaidhmeanna gairme fás agus forbairt le linn an tsaoil<br><br>**4.3** Ráiteas Misin don Ghairm Bheatha agus don Saol a fhorbairt |

# Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire

Bíonn cur chuige dinimiciúil ag teastáil i dteagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire ina dtugtar tús áite do rannpháirtíocht, taiscéalaíocht, agus forbairt an scoláire. Sainaithnítear sa Ghné Churaclaim le haghaidh Teagaisc agus Measúnú cleachtas gairmiúil coiteann agus cleachtas an tseomra ranga atá in ann tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire. Go sonrach, ba cheart do chuir chuige i leith an teagaisc san Idirbhliain an scoláire a fhorbairt mar fhoghlaimeoir agus é a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a fhoghlaim féin. Beidh tionchar mór ag aidhmeanna agus ag torthaí foghlama an mhicreamhodúil ar rogha na n oideolaíochtaí teagaisc.

Tugtar gníomhaíochtaí i dTábla 3 a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú leis an scoláire chun na torthaí foghlama a bhaint amach. Is féidir na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint agus níl siad saintreorach ná uileghabhálach.

**Tábla 3** An chaoi a dtacaíonn an micreamhodúl leis na torthaí foghlama.

| Torthaí Foghlama | Gníomhaíochtaí molta |
|---|---|
| **An Chinnteoireacht Éifeachtach**<br><br>**1.1** | • Creataí Cinnteoireachta: D'fhéadfadh an scoláire 'Crann Cinntí' a dhéanamh chun roghanna agus torthaí a mheasúnú, agus úsáid a bhaint as samhlacha chun spriocanna a bhaint amach, GROW nó OSCAR mar shampla, chun tacú le pleanáil agus cur i bhfeidhm<br>• Tú Féin a Shamhlú sa Todhchaí: agus machnamh nó colláis na bhféidearthachtaí ina dhiaidh sin<br>• Cruthaigh Seinnliosta Láidreachtaí: Sainaithníonn gach scoláire an láidreacht is mó atá aige agus amhrán a léiríonn an láidreacht sin. |
| **Láidreachtaí, margadh an tsaothair**<br><br>**2.1, 2.2**<br>**3.1, 3.2** | • Gníomhaíocht an hata anaithnid, nó a leithéid, chun láidreachtaí cairde nó a láidreachtaí féin a thabhairt faoi deara<br>• Gníomhaíochtaí láidreachtaí agus gairmeacha ar líne, mar shampla na gníomhaíochtaí a luaitear i gcuid na n-acmhainní<br>• Smaoineamh, Péireáil, Roinnt do chásanna na bpost is ansa leis an scoláire ar domhan<br>• Cuardach digiteach poist ag baint úsáid as eochairfhocail a bhaineann le láidreachtaí, luachanna, mianta, ardaidhmeanna an scoláire féin. |
| **Margadh an tSaothair**<br><br>**3.1, 3.2** | • Gníomhaíocht mata boird don mhéid ar mhaith leis an scoláire taighde a dhéanamh air i margadh an tsaothair<br>• Taighde a dhéanamh ar mhargadh an tsaothair, bunaithe ar ghníomhaíocht rangaithe, agus treochtaí na ndeiseanna fostaíochta in Éirinn agus taobh amuigh d'Éirinn, b'fhéidir<br>• Cuir i láthair leis féin/i ngrúpaí, nó póstaeir mar chur i láthair faoin margadh |
| **Luachanna agus Ardaidhmeanna Gairme**<br><br>**4.1, 4.2, 4.3** | • Rangú Dhiamant 9 de luachanna/d'ardaidhmeanna<br>• Gníomhaíocht 'Cuir in ord tosaíochta' (leagan de Dhiamant 9, mar shampla) do spéiseanna gairme agus do phróifíliú. Cuirfidh na hacmhainní thíos bonn eolais faoin ngníomhaíocht seo.<br>• Cruthaíonn an scoláire ráiteas misin don ghairm agus don saol. |

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Tacaíonn an measúnú leis an bhfoghlaim agus feabhsaíonn sé í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Modhanna Measúnaithe

Is iad na modhanna measúnaithe atá liostaithe thíos is gaire a ailíníonn le haidhmeanna, le réasúnaíocht agus le torthaí foghlama an mhicreamhodúil agus leis an gcuid Teagasc agus Measúnú de Ráiteas Chlár na hIdirbhliana freisin. Is chun críche múnlaithí iad mórán de na gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu in *Teagasc ar fhoghlaim an scoláire*, agus dearadh iad chun neamhspleáchas an scoláire, an féinrialúchán agus an piarmheasúnú a chur chun cinn.

- Úsáid agus critíc na diagnóisice ar líne (teisteanna láidreachtaí)
- Cuir i láthair leis féin/i ngrúpaí, le critéir ratha chomhaontaithe nó roinnte, faoin taighde, mar shampla, ar mhargadh an tsaothair, ag teacht ar ghairmeacha a thagann lena spéiseanna pearsanta agus leis an gcinnteoireacht éifeachtach.
- Machnamh leis féin/i ngrúpaí, léirithe i bpunann Idirbhliana an scoláire
- Machnamh criticiúil ar láidreachtaí agus ar luachanna a sainaithníodh trí ghníomhaíochtaí an tseomra ranga, mar shampla, láidreachtaí a thabhairt faoi deara nó rólghlacadh, agus trí mhachnamh an scoláire ar thaithí san Idirbhliain
- Ráiteas misin don Ghairm agus don Saol, le léiriú i bpunann Idirbhliana an scoláire

## Na gnéithe cáilíochta

Is ráitis iad gnéithe cáilíochta a thacaíonn leis an múinteoir agus/nó an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht shaothar an scoláire, chun gnóthachtáil a bhronnadh. Is iad na gnéithe cáilíochta thíos na critéir a úsáidfear le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil an scoláire ag ceann de na trí leibhéal i rith an mhicreamhodúil. Is iad seo a leanas na trí leibhéal sin: Gradam, Tuillteanas, Gnóthaithe.

**Tábla 4** Na Gnéithe cáilíochta

| Critéir | Gradam | Tuillteanas | Gnóthaithe |
|---|---|---|---|
| **An Chinnteoireacht Éifeachtach** | Sainaithníonn sé cuspóir agus spriocanna an chinnidh, agus eolas mionsonraithe ar leith a raibh gá leis chun an cinneadh a dhéanamh agus tugann míniú air. Déanann sé an t-eolas bailithe a mheas go criticiúil. Is féidir leis an baol féideartha agus an éiginnteacht a bhaineann le gach rogha eile a mheas go soiléir, muiníneach. Cuireann sé a chinneadh in iúl go héifeachtach, agus tugann sé achoimre ar phlean soiléir chun an cinneadh a chur i bhfeidhm, do phiaraí/don mhúinteoir/do pháirtithe leasmhara. | Sainaithníonn sé cuspóir agus sprioc leathan an chinnidh. Is féidir leis formhór an eolais a bhfuil gá leis chun cinneadh maith a dhéanamh a shainaithint. Is féidir leis caighdeán an eolais bhailithe a mheasúnú ag leibhéal bunúsach.<br>Is féidir leis roinnt rioscaí a bhaineann le gach rogha eile a shainaithint agus a mheasúnú, ag leibhéal bunúsach. Is féidir leis a chinneadh a chur in iúl ar leibhéal réasúnta agus formhór na gcéimeanna chun an cinneadh sin a chur i bhfeidhm a shainaithint do phiaraí/don mhúinteoir. | Cuireann sé ceisteanna bunúsacha, chun bonn eolais a chur faoi chuspóir nó sprioc an chinnidh. Sainaithníonn sé eolas bunúsach a chabhródh leis cinneadh a dhéanamh, le spreagadh. Teastaíonn tacaíocht uaidh chun caighdeán an eolais a fuarthas a mheas. Sainaithníonn sé riosca/éiginnteacht amháin nó dhó a bhaineann le gach rogha eile, le mion-mheasúnú riosca. Cuireann sé a chinneadh in iúl agus conas a chuirfidh sé i bhfeidhm é le beagán sonraí, do ghrúpa beag piaraí/don mhúinteoir. |
| **Láidreachtaí, margadh an tsaothair** | Tugann sé míniú cuimsitheach ar a phríomhláidreacht/a phríomhbhuanna, a scileanna, agus a mheonta, le samplaí, agus is féidir leis ceangal a dhéanamh eatarthu agus an chinnteoireacht ghairme, agus deiseanna ar leith sa mhargadh dóibh. | Déanann sé cur síos ar roinnt dá phríomhláidreachtaí, le samplaí. Sainaithníonn sé earnálacha nó timpeallachtaí oibre a d'fheilfeadh dó bunaithe ar a láidreachtaí, scileanna agus meonta. | Luann sé roinnt dá láidreachtaí, ach seans nach féidir leis ceangal a dhéanamh eatarthu agus deiseanna sa mhargadh. Is féidir leis ról traidisiúnta nó dhó a ainmniú, agus le tacaíocht, ceangal a dhéanamh idir a láidreachtaí agus na róil sin. |
| **Margadh an tSaothair** | Tá tuiscint chuimsitheach aige ar chineálacha fostaíochta, agus ar threochtaí soláthair/éilimh i margadh an tsaothair. Is féidir leis réimse leathan deiseanna i margadh an tsaothair faoi láthair a aimsiú, a thagann go maith lena láidreachtaí, luachanna agus ardaidhmeanna. | Luann sé roinnt cineálacha fostaíochta agus tugann sé samplaí. Is féidir leis sampla nó dhó de sholáthar/éileamh i margadh an tsaothair a lua.<br>Is féidir leis réimse leathan deiseanna i margadh an tsaothair faoi láthair a aimsiú, a d'fheilfeadh dá láidreachtaí, luachanna agus ardaidhmeanna seans. | Tá sé ar an eolas faoi phoist áitiúla a bhfuil éileamh orthu, agus is féidir leis cineálacha fostaíochta bunúsaí a shainaithint (ceann nó dhó le samplaí). Is féidir leis roinnt deiseanna i margadh an tsaothair a shainaithint a thagann leis an méid atá tábhachtach dó. |
| **Luachanna agus Ardaidhmeanna Gairme** | Tá tuiscint i bhfad níos fearr ag an mac léinn ar an gcaoi ar féidir lena luachanna a bheith bainteach le roghanna gairme. | Tá tuiscint beagán níos fearr ag an mac léinn ar an gcaoi ar féidir lena luachanna a bheith bainteach le roghanna gairme. | Tá tuiscint éigin ag an mac léinn ar an gcaoi ar féidir lena luachanna a bheith bainteach le gairmeacha beatha. |


# Tuairisciú

Déantar cur síos i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana (l.23-25) ar thrí ghné an tuairiscithe i gcláir Idirbhliana:

- An phunann Idirbhliana
- Machnamh an scoláire
- Tuairisciú scoile.

Is féidir leis an scoláire an phunann Idirbhliana a úsáid chun taifead a dhéanamh ar achoimre phróifíle dá chuid láidreachtaí, luachanna, ardaidhmeanna, agus 'An Ghairm Shamhalta is Fearr' a bhaineann leo. Is féidir a Ráiteas Misin don Ghairm, nó leagan beachtaithe de, a chur san áireamh ina mhachnamh ar na Gnéithe Scoláire, go háirithe an fás pearsanta agus an taighde gairme.

Is féidir leis an scoil grád a thabhairt do chuir i láthair na ndaoine aonair nó na ngrúpaí don tuairisciú scoile. Is féidir leis an scoláire aiseolais ó phiaraí a úsáid trí chuir i láthair bheaga i ngrúpaí, mar aon le grád agus aiseolas an mhúinteora. D'fhéadfadh an scoláire, mar shampla, meascán de chuir i láthair le sleamhnáin nó cuir i láthair le póstaeir a úsáid, ar mhaithe leis an measúnú suimitheach.




**Fíor 3:** Trí ghné an tuairiscithe san Idirbhliain.

# Meastóireacht

Is Gné Churaclaim é Machnamh agus Athnuachan ina bpléitear leis an tábhacht a bhaineann le meastóireacht leanúnach ar chlár na hIdirbhliana agus ar chomhpháirteanna an chláir. Is é cuspóir na meastóireachta ar an micreamhodúl a fháil amach, ó dhearcadh an scoláire agus an mhúinteora, ar éirigh go maith leis an modúl agus cén chaoi ar féidir feabhas a chur air amach anseo.

D'fhéadfaí an mheastóireacht ar an micreamhodúl seo a dhéanamh trí mheascán d'aiseolas ó bhéal, meastóireacht ar líne, meastóireacht bunaithe ar aiseolas an mhúinteora mar chuid den mheastóireacht ar chlár na hIdirbhliana, nó trí úsáid a bhaint as modhanna eile a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach don scoil.

# Acmhainní

Uirlisí na Cinnteoireachta (tabhair faoi deara: cuir nasc ann chuig GROW, OSCAR, b'fhéidir)

1. **https://actforyouth.net/program-toolkit/yd-activities/sel/decision.cfm**
2. **https://alliancefordecisioneducation.org/what-is-decision-education**
3. **https://blog.hubspot.com/marketing/decision-tree**
4. **Models of coaching and goal setting – GROW and OSCAR**

Tá sonraí fostaíochta na hÉireann ar fáil ar CSO.ie ag an nasc seo

1. **https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-lfs/labourforcesurveyquarter22023/employment**

Sonraí Gairme (Éire, SAM, an Astráil, Albain)

1. **www.careersportal.ie**
2. **https://www.myworldofwork.co.uk**

Uirlisí láidreachtaí

1. **https://high5test.com**
2. **https://careersportal.ie/careerplanning/interests.php**
3. **https://www.truity.com**

Bealach amháin chun breathnú ar Ardaidhmeanna Gairme ná trí lionsa na nAncairí Gairme

1. **https://psycho-tests.com/test/sheins-career-anchors**

Is féidir leis an scoláire ráiteas misin pearsanta agus gairme a chruthú, a íoslódáil agus a phriontáil ag baint úsáid as an uirlis seo.

1. **https://msb.franklincovey.com/missions/personal**

Measúnú – Uirlisí chun díriú ar an bhFoghlaim CNCM

1. **https://ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting/focus-on-learning**

Níl sé i gceist go mbeadh na hacmhainní ar líne eisiach ná uileghabhálach, agus moltar do mhúinteoirí leas a bhaint as an mbanc acmhainní seo agus é a athrú agus cur leis dá gcleachtas féin.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment